- Cur le beartais, nósanna imeachta agus dea-chleachtais a fhorbairt.
- Freagairt do shaincheisteanna cothabhála foirgneamh a thugtar le fios agus oibreacha deisiúcháin a eagrú, faoi mar is gá.
- Monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar sceidil agus ar chórais chothabhála agus a chinntiú go ndéantar gach saincheist a chur i dtaifead agus a réiteach.

**Sonraíocht Phearsanta**

**Bunriachtanais**

- Taithí ar phróisis agus ar sceidil chothabhála a bhainistiú.
- Cumas, a bhfuil cruthúnas leis, gur féidir córais agus nósanna imeachta cothabhála a dhréachtú agus a nuashonrú.
- Scileanna láidre forbartha caidrimh le soláthraithe seirbhíse agus le conraitheoirí.
- Scileanna ECDL (Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí) nó a chomhionann de scileanna TF.
- Ceadúnas tiomána iomlán glan agus solúbthacht i dtaobh riachtanais taistil an róil.
- Oiliúnóir oilte atá in ann oideachas a chur go héifeachtach ar an bhfoireann agus meantóireacht éifeachtach a dhéanamh orthu i dtaobh nósanna imeachta agus córais chothabhála.
- Taithí agus eolas ar chúrsaí leictreacha, cur amach san áireamh ar chórais agus ar chothabháil leictreach.
- Eolas ar rialacháin foirgníochta agus ar chaighdeáin chomhlíonta a bhaineann le saoráidí an mhúsaeim.
- Cur amach ar chleachtais inbhuanaitheachta i mbainistíocht saoráidí.
- Taithí ar thionscadail chothabhála bheaga agus mheánmhéide a bhainistiú.
- Scileanna láidre anailíseacha chun meastóireacht a dhéanamh ar phróisis chothabhála agus feabhsúcháin a mholadh.
- Taithí ar bhogearraí bunachair sonraí bainistíochta saoráidí.

**Tá na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe (ach níl siad bunriachtanach)**

- Cáilíocht i mbainistíocht saoráidí nó i réimse gaolmhar.
- Taithí ar Chórais Airgeadais Oracle nó ar a mhacasamhail de bhogearraí bainistíochta airgeadais.
- Inniúlacht sa Ghaeilge chun cumarsáid níos fearr a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla.
- Deimhniúchán i mBainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta nó i limistéir ghaolmhara.

